RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1265 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2022

lena mbunaítear bearta chun leathadh Víreas *Rose Rosette* ar chríoch an Aontais a chosc, maille lena thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Níl víreas *Rose Rosette* ("an lotnaid shonraithe") agus a veicteoir *Phyllocoptes fructiphilus* liostaithe faoi láthair mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II, ná mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]). Ní heol an bhfuil an lotnaid shonraithe ná a veicteoir i láthair i gcríoch an Aontais.

(2) Léirigh anailís riosca lotnaidí a rinne an Eagraíocht Eorpach agus Mheánmhuirí um Chosaint Plandaí (EPPO) ([3]) in 2018 go bhféadfadh an lotnaid shonraithe agus na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann léi a bheith ina hábhar mór imní do shláinte plandaí i gcríoch an Aontais, go háirithe chun gach cineál rós a tháirgeadh.

(3) Mar gheall ar an ábhar mór imní maidir le sláinte plandaí a bhaineann leis an lotnaid shonraithe do chríoch an Aontais, glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1739 ón gCoimisiún ([4]), lena leagtar síos ceanglais maidir le plandaí, seachas síolta, ó *Rosa* spp., a thabhairt isteach san Aontas. ("na plandaí sonraithe") de thionscnamh tríú tíortha, áit arb eol gurb ann don lotnaid shonraithe (Ceanada, an India agus na Stáit Aontaithe), agus chun seiceálacha oifigiúla a dhéanamh nuair a thugtar isteach san Aontas iad. Foráiltear leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin maidir le toirmeasc ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, maidir le faisnéis a chur isteach láithreach i dtaca le hamhras a bheith ann go bhfuil an lotnaid shonraithe agus a veicteoir sonraithe san Aontas agus maidir le rialacha i dtaca le suirbhéanna a dhéanamh maidir lena láithreacht i gcríoch an Aontais.

(4) Ó glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin, níor tuairiscíodh aon idircheapadh plandaí sonraithe ionfhabhtaithe, le linn a dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais nó a ngluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais. Mar sin féin, lean an lotnaid shonraithe ag leathadh i gCeanada, san India agus sna Stáit Aontaithe.

(5) Tá conclúidí anailís EPPO fós bailí inniu. Léirigh an anailís sin go meastar gur ard an dóchúlacht go dtiocfaidh an lotnaid áirithe isteach san Aontas agus go mbunófar í, go leathnófar í go forleathan agus go mbeidh tionchar aici, agus gur ard an riosca fíteashláintíochta do chríoch an Aontais.

(6) Thairis sin, tá méadú tagtha ar na hábhair imní maidir le sláinte plandaí a léiríodh in anailís EPPO ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1739, toisc go n-allmhairítear níos mó agus níos mó plandaí sonraithe isteach san Aontas ó thríú tíortha ina bhfuil láithreacht na lotnaide sonraithe ag méadú.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([3]) EPPO (2018) Anailís riosca lotnaidí i gcomhair víreas *Rose rosette* agus a veicteoir *Phyllocoptes fructiphilus*. EPPO, Páras. Ar fáil ag https://gd.eppo.int/taxon/RRV000/documents

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1739 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear bearta éigeandála chun leathadh Víreas *Rose Rosette* laistigh den Aontas a chosc, maille lena thabhairt isteach san Aontas (IO L 265, 18.10.2019, lch. 12).

(7) Is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann an lotnaid shonraithe na critéir a leagtar amach i Roinn 3, Foroinn 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031.

(8) Ar bhonn na bhfíoras sin, meastar go bhfuil garchontúirt ann maidir le teacht isteach agus leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, mura rud é go gcoinnítear na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1739, a mbeidh feidhm acu go dtí an 31 Iúil 2022 agus ar bearta iad atá éifeachtach maidir le cosc a chur ar theacht isteach na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis na bearta sin sa Rialachán seo ar cheart feidhm a bheith acu ón 1 Lúnasa 2022 chun a áirithiú go leanfar de chosaint chríoch an Aontais ón lotnaid shonraithe.

(10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Iúil 2024. Tá an tréimhse iarratais sin riachtanach chun measúnú riosca iomlán a dhéanamh chun stádas na lotnaide sonraithe a chinneadh.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "lotnaid shonraithe" Víreas *Rose Rosette*;

(b) ciallaíonn "plandaí sonraithe" plandaí, seachas síolta, ó *Rosa* spp. de thionscnamh Cheanada, na hIndia nó na Stát Aontaithe;

(c) ciallaíonn "veicteoir sonraithe" *Phyllocoptes fructiphilus*.

Airteagal 2

Toirmeasc ar an lotnaid shonraithe

Ní dhéanfar an lotnaid shonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, agus ní dhéanfar í a bhogadh, a choinneáil, a iolrú ná a scaoileadh ar chríoch an Aontais.

Airteagal 3

Faisnéis maidir leis an amhras go bhfuil lotnaid shonraithe nó a veicteoir sonraithe ann

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear aon duine atá i gcríoch an Aontais i seilbh plandaí a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe nó lena veicteoir sonraithe, ar an eolas láithreach faoi na hiarmhairtí agus na rioscaí féideartha agus faoi na bearta faoi seach atá le déanamh, faoi na hiarmhairtí agus na rioscaí féideartha agus faoi na bearta faoi seach atá le déanamh.

Airteagal 4

Suirbhéanna

Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe agus an veicteora shonraithe ar phlandaí óstacha ina gcríoch.

Áireofar sna suirbhéanna sin sampláil agus tástáil, agus beidh siad bunaithe ar phrionsabail fhónta eolaíocha agus theicniúla i ndáil leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe agus an veicteoir sonraithe a bhrath.

Faoin 30 Aibreán gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi thorthaí na suirbhéanna a rinneadh an bhliain féilire roimhe sin.

Airteagal 5

Ceanglais maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

1. Ní thabharfar na plandaí sonraithe isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má tá deimhniú físeashláintíochta ag gabháil leo ina n-áirítear, faoin gceannteideal "Dearbhú breise", ráiteas oifigiúil ina mbeidh ceann amháin de na dearbhuithe seo a leanas:

(a) gur táirgeadh na plandaí sonraithe i limistéar atá saor ón lotnaid shonraithe, arna gclárú agus arna maoirsiú ag Eagraíocht Náisiúnta Cosanta Plandaí an tríú tír tionscnaimh, agus ainm an limistéir faoin gceannteideal "Áit tionscnaimh" á léiriú;

(b) i gcás plandaí sonraithe atá le cur a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(i) táirgeadh iad in áit táirgthe nár aimsíodh aon chomharthaí den lotnaid shonraithe ná den veicteoir shonraithe le linn iniúchtaí oifigiúla, ó thús an tséasúir fáis deiridh, agus

(ii) rinneadh sampláil agus tástáil orthu le haghaidh na lotnaide sonraithe sular tugadh isteach i gcríoch an Aontais iad, agus gur cinneadh, ar bhonn na dtástálacha sin, go bhfuil siad saor uaithi;

(c) i gcás na bplandaí sonraithe, seachas plandaí atá le cur, tá an méid seo a leanas fíor ina leith:

(i) táirgeadh iad in áit táirgthe nár aimsíodh aon chomharthaí den lotnaid shonraithe ná den veicteoir shonraithe le linn iniúchtaí oifigiúla, ó thús an tséasúir fáis deiridh; agus

(ii) rinneadh cigireacht orthu agus, i gcás ina bhfuil veicteoir nó siomptóim shonraithe na lotnaide sonraithe orthu, go ndearnadh sampláil agus tástáil orthu sular tugadh isteach i gcríoch an Aontais iad, agus cinneadh, ar bhonn na dtástálacha sin, go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe;

(d) i gcás plandaí sonraithe sa chultúr fíocháin, nach dtionscnaíonn i limistéar atá saor ón lotnaid shonraithe, gur táirgeadh iad ó mháthair-phlandaí a tástáladh agus a fuarthas saor ón lotnaid shonraithe.

2. Ní thabharfar na plandaí sonraithe isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má dhéantar iad a láimhseáil, a phacáistiú agus a iompar ar bhealach lena gcoiscfear inmhíolú leis an veicteoir sonraithe.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN